Irish Gaelic

Meningitis Research Foundation

Meiningíteas agus Seipticéime

Is galair tromcúiseacha iad meiningíteas agus seipticéime. Is féidir leo cur isteach ar duine ar bith in aon aois ar bith, ach is iad leanaí, páistí agus daoine óga is mó atá i bhfiontar go h-áirthe.

Ní galair coitianta iad meiningíteas agus seipticéime, ach is féidir leo duine a mharú i gcúpla uair a chloig. Maireann an chuid is mó dena daoine má fhaigheann said fáthmheas go luath, ach bíonn míchumais seasta ar chuid díobh agus tógann sé tréimhse fada do daoine eile chun feabhas iomlán a dhéanamh.

Is é an rud is tábhachtaí chun do theaghlach a chosaint ná díonadh a dhéanamh orthu. Ach tá saghasanna áirithe de mheiningíteas nach féidir cosc a chur leo, dá bharr sin tá sé fíor-thábhachtach eolas a bheith agat faoi na galair sin agus na siomtóim a bhaineann leo. Bíonn cabhair leighis ag teastáil go géar ag duine ar bith le meiningíteas nó seipticéime.

Cad é meiningéiteas?

Is éard is meiningíteas ann na bolgtha ar an líneáil timpeall an inchinn. Cruthaítear na foirm is dáinséaraí de mheiningíteas de bharr baictéir.

Cad é seipticéime?

Nimhiú fola is ea seipticéime. D'fhéadfadh an bhaictéir chéanna bheith mar chúis leis mar aon le meiningéiteas.

Is féidir leat meiningíteas agus seipticéime a fháil ag an am céanna.

Conas is féidir liom mo chlann agus mé féin a chosaint?

- Is é an tslí is fearr chun do pháistí a chosaint ná, bheith cinnte go bhfuil na vacsáiní do mheiningíteas agus seipticéime faighte acu. Tugann na vacsainí a thairiscintear do gach leanbh in aois na h-óige sa chlár imdhíonadha cosaint i gcoinne saghasanna éagsúla de mheiningíteas agus seipticéime – **MenC, Hib** agus **nuimóine** agus meiningíteas a thárlaíonn de bharr **leicneach**.

- Is féidir le aon duine fásta díonadh a fháil i gcoinne mheiningíteas a thárlaíonn de bharr **nuimóine**. Is féidir le aon duine le droch-tinneas atá i mbaol níos mó galar núimóine a fháil díonadh a fháil ina aghaidh.

- Tugann an vacsaín eitinne (**BCG**) cosaint faoi leith do pháistí i gcoinne meiningíteas eitinne. In Éirinn tugtar do leanbh é ag am breithe, agus sa Bhreatain tairiscintear do leanaí agus do pháistí atá níos sine chomh maith le daoine fásta gan vaicsiniú atá i bhfiontar na h-eitinne.Tárlaíonn sé seo de bharr a n-áit cónaithe nó a rabhadar cheana, de bharr a láthair oibre, nó toisc gur tháinig a dtuismitheorí, nó a sheantuismitheoirí ó tír ina raibh rátaí ard eitinn.

- Bhéadh vacsaín speisialta ceathairshleascadh meiningítis ag teastáil ó thaistealaithe idirnáisiúnta. Tugann sin cosaint ar mheiningíteas agus seipticéime a thárlaíonn de bharr ceithre teannta éagsúla: **Men A,C,Y agus W135**. Tá teastas dlisteanach, a thaispeánann go bhfuair tú an vacsaín ionfhabhtú ACWY meningococcal i rith na 3 bliana roimhe sin riachtanach d'oilithrigh agus d'oibrithe séasúracha chun víosa a fháil chun dul isteach i san Araib Shádach. Má bhíonn tú ag taisteal le páistí faoi 2 bhliain d'aois, caithfidh é seo a bheith déanta agat 3 mhí roimh teastail toisc go mbíonn gá do dhá instealladh tugtha trí mhí scartha as a chéile do phaistí óga.

- Bhéadh gá freisin do vacsaín ceathairshleasach ó taistealaithe ag dul go dtí an Aifric. Beidh eolas ar fáil i do mháinliacht dhoctúra nó clinic thaistil faoi na tíortha atá sé i bhfeidhm agus socrú a dhéanamh chun an vacsaín a fháil más gá.

Tabhair aire, tá alán cineáil meiningíteas agus seipticéime nach féidir cosc a chur leo. Is é **MenB**, an chúis ba mhó do mheingíteas agus seipticéime in Éirinn agus sa Bhreatain, **agus níl aon vacsaín ann chun cosc a chur air**. Sin an fáth go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach bheith eolach faoina siomtóim a théann le mheingíteas agus seipticéme chun tú féin agus do chlann a chosaint.

Cad iad na siomóintanna a théann le mheingíteas agus seipticéime?

Bí eolasach faoi na siomtómanna

Coimeád é seo mar eolas

- D'fhéadfadh sé bheith an-deacair meiningíteas agus seipticéime a aithnint ar dtús báire. D'fhéadfadh na siomtóim teacht in aon ord ar bith, ach de ghnáth bíonn fiabhras, urlacan, tinneas cinn agus breoiteacht mar chéad comharthaí, mar aon le aon bhreoiteacht éadrom. D'fhéadfadh **"na siomtóim le brat dearg"** 🚩 **/ siomtóim a thugann rabhadh go luath** teacht níos luaithe ná na siomtóim meiningítis cosúil le righneas agus mícheanúlacht solais, agus roimh na **siomtóim** 🔴 **tromchúiseacha**.
- Ní fhaigheann gach dhuine na siomtóim ar fad.
- D'fhéadfadh seipticéime tárlú le nó gan meiningíteas.

	Seipticéime	Meiningéiteas
Fiabhras agus/ nó urlacán	●	●
Droch-tinneas cinn		●
Pian géag/alt/matán (uaireanta pian sa bholg/ buinneach)	🚩	
Lámha agus cosa fhuar/ag crith	🚩	
Craiceann bán nó breacach	🚩	
Ag análú go tapaidh/as anáil	●	
Gríos (áit ar bith ar an gcorp)	🔴	🔴 Gan bheith i láthair i ngach cás
Muinéal strompaíochta		● Níos lua i bpáistí óige
Mícheanúlacht solais		● Níos lua i bpáistí óige
An-codlatach/ díomhaoin / deacair le dhúiseacht	🔴	🔴
Measctha / Rámhaille	🔴	🔴
D'fhéadfadh taomanna tárlú chomh maith.		🔴

An bhfuil siomtóim speisialta le feiceáil i leanaí?

Cinnte. Is iad na siomtóim eile ba chóir tabhairt faoi ndeara ná:

- Spota teinne nó bolgán bog ar cheann an linbh
- Diúltú ithe
- Cantalach nuair a phioctar suas é/í, le caoineadh ard uaidh/uaithi.
- Corp dolúbtha le gluaiseachtaí phreabacha,nó liobarnach agus neamhbheo.

Is féidir le leanaí bheith breoite go han-tapaidh, mar sin de ba chóir scrúdú a dhéanamh orthu go rialta.

An bhfaighidh gach duine le meiningíteas agus seipticéime na siomtóim seo go léir?

Ní hea. Ní fhaigheann gach duine na siomtóim sin go léir agus is féidir leo teacht in aon ord ar bith. Má bhíonn gríos acu ba chóir duit an Scrúdú Gloine a dhéanamh . Brúigh an ghloine go daingean i gcoinne an gríos. Muna tréigeann an gríos agus má tá sé le feiceáil tríd an ghloine,
ba chóir cabhair míochaine a fháil gan mhoill.

Tá sé níos deacra an gríos a fheiceáil ar chraiceann dorcha. Mar sin déan scrúdú le h-aghaidh spotanna timpeall an choirp ar fad, ach go háirithe ar na limistéir gheala, mar shampla, bosanna na lámha nó boinn na gcos. Freisin, scrúdaigh an ghoile taobh istigh de chaipín na siúle agus ar dhíon an bhéil.

Cuimhnigh, bíonn gearghá le cabhair mhíochaine ó duine breoite fiú muna mbíonn ach cúpla spota grís a ghealaíonn nó fiú gríos ar bith.

Cad ba chóir dom a dhéanamh má mheasaim go bhfuil meiningíteas nó seipticéime ag duine?

D'fhéadfadh duine le meiningíteas nó seipticéime a bheith an breoite go fíor-tapaidh. Dá mbéadh duine breoiteach, déan scrúdú le h-aghaidh na siomtóim go rialta. Má cheapann tú gur meiningíteas nó seipticéime atá ann, faigh cabhair mhíochaine láithreach.

Saorfón línechabhrach 24 uair: An Fhondúireacht Thaighde Mheinginítis.
An Bhreatain - **080 8800 3344**
Saorstáit na hÉireann - **1800 41 33 44**

Ardoifig:	Oifig na Alban	Oifig Tuaisceart Éireann:	Saorstáit na hÉireann
Midland Way Thornbury	28 Alva Street	71 Botanic Avenue	Oifig: 63 Lower
Bristol	Dún Éadain	Béal Feirste	Gardiner Street
BS35 2BS	EH2 4PY	BT7 1JL	Baile Átha Cliath
Uimh:01454 281811	Uimh:0131 510 2345	Uimh: 028 9032 1283	Uimh: 01819691

Carathanacht cláraithe sa Bhreatain Mhór agus An Bhreatain Bhíg uimh: 1091105, agus in Albain uimh: SC037586 agus in Éirinn CHY 12030.
© Fondúireacht Meiningítis Thaighde 2007.

Translated by
K International plc
The Multilingual Solutions Company